

ÉIGSE

A JOURNAL OF IRISH STUDIES

EDITED BY LIAM MAC MATHÚNA

VOLUME XXXIX

PUBLISHED BY THE NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND

2016

**BORD COMHAIRLEACH IDIRNÁISIÚNTA /
INTERNATIONAL ADVISORY BOARD**

Professor Ann Dooley, University of Toronto
Professor Mícheál Mac Craith, National University of Ireland, Galway
Professor Séamus Mac Mathúna, University of Ulster
Professor Wolfgang Meid, University of Innsbruck
Professor Seán Ó Coileáin, University College Cork
Professor Brian Ó Conchubhair, University of Notre Dame
Professor Philip O’Leary, Boston College
Professor Roibeard Ó Maolalaigh, University of Glasgow
Professor Jan Erik Rekdal, University of Oslo
Professor Greg Toner, Queen’s University Belfast
Professor Hildegard Tristram, University of Freiburg

LUCHT COMHAIRLE EILE / OTHER PEER REVIEWERS

Professor John Carey, University College Cork
Dr Charles Dillon, Queen’s University Belfast
Dr Kevin Murray, University College Cork
Dr Aoibheann Nic Dhonnchadha, Dublin Institute for Advanced
Studies
Dr Eilís Ní Dheá, Mary Immaculate College, Limerick
Professor Dónall Ó Baoill, Queen’s University Belfast
Dr Brian Ó Catháin, Maynooth University
Dr Pádraig Ó Cearbhaill, Placenames Branch, Department of Arts,
Heritage and the Gaeltacht
Dr Pádraig Ó Liatháin, St Patrick’s College, Drumcondra, Dublin City
University
Professor Pádraig Ó Macháin, University College Cork
Dr Nollaig Ó Muraíle, National University of Ireland, Galway
Professor Máirtín Ó Murchú, Dublin Institute for Advanced Studies
Mr Timothy O’Neill, Dublin
Dr Ríonach uí Ógáin, University College Dublin

FÓGRA

ÉIGSE publishes articles in both Irish and English. All articles submitted for publication are tendered to peer review.

Articles for publication should be addressed to the Editor, ÉIGSE, National University of Ireland, 49 Merrion Square, Dublin 2, Ireland.

Treoir do Scribhneoirí. For information on style contributors should consult the website www.nui.ie/eigse/.

Subscribers receive new issues post-free. For sales and subscriptions consult the website. Enquiries may be addressed to the Registrar, National University of Ireland, at the above address.

Only books dealing with, or having reference to, Irish literary and linguistic studies (Léann na Gaeilge) should be sent for review in ÉIGSE.

ISSN 0013 2608
ISBN 9780901510679

© None of the contents of ÉIGSE should be reproduced without the consent of the Editor and the Contributor.

CLÁR AN ÁBHAIR / CONTENTS

CRÓINEOLAÍOCHT NA GAEILGE IARTHRAIDISIÚNTA I gCONAMARA <i>Brian Ó Curnáin</i>	1
A POEM IN PRAISE OF AODH ÓG MAG MATHGHAMHNA <i>Nioclás Mac Cathmhaoil</i>	44
CAOINEADH AR SHÉAMAS ÓG MAC COITIR <i>Tomás L. Ó Murchú</i>	71
IS ATUIRSEACH CÁSMHAR RÓ-CHATHACH LE SPÁS ME <i>Máire Ní Íceadha</i>	96
NOTES ON THE DECORATION IN THE <i>DUANAIRE</i> OF CÚ CHONNACHT MAG UIDHIR <i>Pádraig Ó Macháin</i>	111
Plates I–VIII	<i>-facing page</i> 120
AINMNEACHA COMHLUADAIR BAINEANNA IN INIS MEÁIN, OILEÁIN ÁRANN, CONTAE NA GAILLIMHE <i>Ciarán Ó Coigligh</i>	128
INTERPRETING NARRATIVE/TEXTUAL DIFFICULTIES IN <i>BRUIDEN DA CHOCA</i> : SOME SUGGESTIONS <i>William Sayers</i>	160
COMMON ELEMENTS FOR HEIGHTS IN THE PLACENAMES OF CO. LEITRIM <i>Pádraig Ó Cearbhaill</i>	176
AN LOGAINM <i>WHINNING</i> , CO. NA hIARMHÍ, AGUS <i>INNEOIN</i> MAR ÉILIMINT I LOGAINMNEACHA <i>Aengus Finnegan</i>	187
MANUSCRIPTS BY SUBSCRIPTION: MUIRIS Ó GORMÁIN AND THE ANNALS OF THE FOUR MASTERS <i>Richard Sharpe</i>	199
CÚIG PHAIDIR AS AN gCAISLEÁN GEARR AGUS EANACH DHÚIN <i>Brian Ó Curnáin</i>	209
AMHRÁN FAOIN BPORTACH AS CARNA <i>Brian Ó Curnáin</i>	226

ROP TÚ MO BAILE <i>Máirín Nic Dhonnchadha</i>	231
VARIA I: <i>Chomh Gorm le Smál</i> Revisited Máire Nic Mhaoláin	243
VARIA II: On the Name ‘Cú Cuilleasc’ <i>Máire Nic Mhaoláin</i>	246
VARIA III: Litir a Scríobh T. O’Neill Lane <i>Seaghan Mac an tSionnaigh</i>	250
VARIA IV: Ceithre Rann don Chraoibhín, Torna cct. <i>Peadar Ó Muircheartaigh</i>	256

AILT LÉIRMHEASA / REVIEW ARTICLES

Séamus Mac Mathúna: ON SOME RECENT MEDIEVAL AND EARLY MODERN IRISH TEXTUAL, LINGUISTIC AND LITERARY STUDIES ..	257
David Webb: GERALD O’NOLAN’S APPROACH TO PEADAR UA LAOGHAIRE’S IRISH	282
Dónall Ó Baoill: ON THE STRUCTURE OF IRISH	319
Brian Ó Conchubhair: TÉARMAÍOCHT NA GAEILGE: SNOITEACHT STÍLE AGUS CRUINNEAS CÉILLE	333

LÉIRMHEASANNA / REVIEWS

Séamus Mac Mathúna: *Féilscríbhinn do Chathal Ó Hainle* (Mac Cárthaigh, Uhlich) 350; Maxim Fomin: *Saltair saíochta, sanasaíochta agus seanchais: a festschrift for Gearóid Mac Eoin* (Ó Baoill, Ó hAodha, Ó Muraile) 360; Síle de Cléir: *Atlantic currents: essays on lore, literature and language: essays in honour of Séamas Ó Catháin / Sruthanna an Aigéin Thiar: Aistí ar sheanchas, ar litríocht agus ar theanga: aistí in onóir do Shéamas Ó Catháin* (Almqvist, Mac Cárthaigh, Mac Mathúna, Mac Mathúna, Watson) 372; Pádraig Ó Siadhail: *Sean, nua agus síoraíocht: féilscríbhinn in ómós do Dháithí Ó hÓgáin* (uí Ógáin, Nolan, Ó hÓgáin) 378; Kristen Mills: *In dialogue with the Agallamh: essays in honour of Seán Ó Coileáin* (Doyle,

Murray) 385; Kevin Murray: *An introduction to Early Irish literature* (Ní Bhrolcháin) 387; Matthew Stout: *Literacy and identity in Early Medieval Ireland* (Johnston) 391; Eilís Ní Dheá: *Aodh Bui Mac Cruitín* (Morley) 393; Breandán Ó Cróinín: *Cath Cluana Tarbh: 'The Battle of Clontarf'* (Ní Úrdail) 395; Breandán Ó Cróinín: *Pàrliment na bhfiodóirí* (Ó Duinnshléibhe) 398; Pádraig Ó Siadhail: *The Irish language in Ireland: from Goidel to globalisation* (Mac Giolla Chríost) 400; Conchúr Mag Eacháin: *Séimhfhear suairc: aistí in ómós don Ollamh Breandán Ó Conchúir* (Ó Coileáin, Ó Murchú, Riggs) 404; Liam Mac Mathúna: *The Celts* (Meid) 409; Liam Mac Mathúna: *The pearl of the kingdom: a study of A fhir léghtha an leabhráin bhig by Giolla Brighde Ó hEódhasa* (Ó Corráin) and *The light of the universe: poems of friendship and consolation by Giolla Brighde Ó hEódhasa* (Ó Corráin) 414; Máirín Nic Eoin: *An Irish-speaking island: state, religion, community, and the linguistic landscape in Ireland, 1770–1870* (Wolf) 420.

FÓGRA / NOTICE

DASG: Dachaigh airson Stòras na Gàidhlig / Digital Archive of
 Scottish Gaelic 429

IS ATUIRSEACH CÁSMHAR RÓ-CHATHACH LE SPÁS ME

Soláthraítear anseo eagrán den amhrán molta mná ‘Is atuirseach cásmhar ró-chathach le spás me’ atá curtha i leith an fhile Eoghan Rua Ó Súilleabháin (1748–84) i lámhscríbhinn dhéanach. Beartaíodh ar eagrán den amhrán a sholáthar ar an mbonn gur amhrán neamh-fhoilsithe de chuid Eoghain Rua is ea é. Níor thángthas ach ar aon chóip amháin den amhrán sna lámhscríbhinní. Tá sí le fáil in ARÉ 23 O 74 (1383) 1, i lámhscríbhinn a scríobh an scríobhaí Seán Baróid sa bhliain 1816. Ba as Ceann Toirc, i gCo. Chorcaí, don Bharóideach.¹ Scríobh sé ARÉ 23 O 74 (1383) le linn dó a bheith i bPriosún Chorcaí i gcaitheamh an tsamhraidh agus an fhómhair 1816 de réir na gcuntas air.² Is í ARÉ 23 O 74 (1383) an t-aon lámhscríbhinn atá againn óna láimh.³ Tá dearmad amháin léirithe i leagan amach na cóipe ar an gcéad leathanach (ARÉ 23 O 74 (1383) 1). Tá an chuma air gur fhág an Baróideach l. 29 den amhrán ar lár ar dtúis ach gur thug sé faoi deara é. Scríobh sé an líne ar thaobh an leathanaigh chéanna (ARÉ 23 O 74 (1383) 1) le comhartha don léitheoir go raibh an líne úd le cur isteach tar éis l. 28 den amhrán.

AN MODH EAGARTHÓIREACHTA

Litriú

Cuireadh litriú an lae inniu i bhfeidhm gan aon athrú ar an deilbhíocht ná ar fhoirmeacha leithleacha ar nós *fúig* agus *chum*, foirmeacha nach bhfuil coitianta inniu. Cuireadh slacht ar an litriú agus tugadh chun rialtacht a, mar shampla, *rádhte* > ‘ráite’ (l. 2). *slaodo* > ‘slaodadh’ (l. 7), *neumhach* > ‘néamhach’ (= ‘niamhach’) (l. 8), *fiocmhar* > ‘fiochmhar’ (l. 12); *tápó* > ‘tapa’ (l. 14), *méareámh* > ‘méaraibh’ (l. 16); *mur* > ‘mar’ (l. 22); *millseacht* > milseacht’ (l. 27); *léam* > ‘lem’ (l. 33),

¹ Breandán Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí* (Baile Atha Cliath 1982) 3–4. Ba dhuine de lucht caidrimh an scríobhaí Seán Baróid é Dónall Ó hEoghain. Tuairiscítear gur chum sé aiste filíochta don Bharóideach ar fhilleadh abhaile ó Phriosún Chorcaí dó (Ó Conchúir 1982, 84).

² ‘De bharr cliseadh ar bhanna nó ar ghníomh éigin leis a cuireadh i bPriosún é’, a thugann Tomás Ó Concheanainn le fios san alt ‘Scríobhaí i bPriosún 1816’ *Éigse* 16/2 (1975, 96). Féach, chomh maith, Ó Conchúir (1982, 3). Cá bhfios dúinn ach go raibh príosúnaigh eile i bPriosún Chorcaí i mbun grafnóireachta le linn a thréimhse sa phriosún agus gur dheineadar cóipeanna a mhalartú eatarthu féin?

³ Dhein Seán Baróid cóipeanna de thrí dhán eile de chuid Eoghain Rua sa lámhscríbhinn chéanna. Is iad seo ‘Barántas Dhonncha Uí Núnáin’ dar tús: ‘Whereas d’áitímh aon dom láthair inné gan glás ar bhrí a mhóide’ in ARÉ 23 O 74 (1383) 4; ‘Aisling do rinneadh dom tamall roimh lá’ agus ‘Easmailt is ár ar gach lá ort go dúbalta’ in ARÉ 23 O 74 (1383) 13.

feárn > ‘fearann’ (l. 40), *faosaomh* > ‘faosamh’ (l. 50), *luaille* > ‘luaile’ (l. 55).

Rinneadh na hathruithe seo a leanas os íseal ar litriú na lámhscríbhinní:

- (i) Fágadh *bh(u)* agus *mh(u)* stairiúil i lár focail ar lár, mar shampla: *saoimhítear* > ‘suítear’ (l. 33).
- (ii) Focail ar *-idhe* nó *-ighe* a bhí ina ndeireadh go stairiúil > ‘í’, mar shampla, *tanaidh* > ‘tanai’ (l. 15), *buidhe* > ‘bui’ (l. 23), *traoidhe* > ‘traoi’ (l. 47), *croidhe sí* > ‘chroí-se’ (l. 49), *guidhe* > ‘guí’ (l. 56).
- (iv) Fágadh *dh*, *gh* ar lár nuair is consain bhalbha iad, mar shampla: *grádhmhair* > ‘grámhair’ (l. 3); *maorghacht* > ‘maorgacht’ (l. 9); *dlaoidhfholt* > ‘dlaioifholt’ (l. 6); *shidh chruit* > ‘shíchruit’ (l. 16); *hioghor* > ‘híor’ (l. 18), *fiodharaibh* > ‘fíoraibh’ (l. 35); sna haidiachtaí, mar shampla: *gheanadhmhail* > ‘gheanamhail’, (l. 3), *banadhmhail* > ‘banamhail’ (l. 4); Fágadh *dh* nó *gh* leathan ar lár tar éis guta fhada i bhfocail aonsiollacha, mar shampla: *snódh* > ‘snó’ (l. 4); *clódh* > ‘cló’ (l. 30), *slóg* > ‘sló’ (l. 44), féach nóta téacsa.

Sinte fada

Fágadh ar lár sinte fada den ghrúpa gutaí *eo*, mar shampla, *neóin* > ‘neoin’ (l. 20); *seóil* > ‘seoil’ (l. 24), *dheóir* > ‘dheoir’ (l. 38), *gleó* > ‘gleo’ (l. 46). Soláthraíodh sinte fada i gcás ainmneacha agus focail iasachta sna téacsanna Gaeilge, mar shampla, *Cúpid* (l. 30) agus *Hélen* (l. 45). Fágadh an forainm *me* sa tuiséal cuspóireach mar atá sé sa lámhscríbhinn.

Athruithe tosaigh

Cuireadh an gnáthurú ‘gc-’ in áit *cc-*, mar shampla, *a ccáisé* > ‘a gcaise’ (l. 21), *ccruinnfhirn* > ‘gcrúinnfhoirn’ (l. 41); *ccaísiol* > ‘gCaiseal’ (l. 44), *ccloídhfíor* > ‘gclóifear’ (l. 55). Scríobhadh *sg* agus *sd* mar ‘sc’, ‘st’, mar shampla, *phríomhsgóith* > ‘phríomhscóth’ (l. 34), *cneasda* > ‘cneasta’ (l. 12). Cuireadh séimhiú ar an ‘f’ tosaigh, mar shampla, *dfúig* > ‘d’fhúig’ (l. 14). Mar le séimhiú i ndiaidh na copaille leanadh an lámhscríbhinn, mar shampla, ‘ba thaitneamhach’ (l. 18).

Consain

Rinneadh athruithe ar fhoirmeacha na lámhscríbhinne seo a leanas: *raoltan* > ‘réaltan’ (l. 33), *aoisde* > ‘aosta’ (l. 47). Cinneadh ar *-th* a bheith caol nó leathan de réir phréamhaíochta an fhocail: *bhathas* > ‘bhaitheas’ (l. 6).

Scríobhadh an aimsir ghnáthchaite agus an briathar saor aimsir chaite le ‘-adh’ nó ‘-odh’ in ionad *-(e)ach* agus *-(e)ag*, mar shampla *threasgach* > ‘threascradh’ (l. 42); *treasgarag* > ‘treascradh’ (l. 22); *disgiog* > ‘díoscadh’ (l. 33).

Gutai

Deineadh leasú ar na siollaí neamhaiceanta ar nós *-io-*, mar shampla, *taitniomh* > ‘taitneamh’ (ll 3, 19); (*stáid*) *bhruinnioll* > ‘(stáid)-bhruinneall’ (l. 3).

Athruithe eile

Leanadh de nós an lae inniu maidir le scríobh na gcomhfhocal, mar shampla, *sgéimhchrúith* > ‘scéimhchruth’ (l. 18); *bhinn phácadh* > ‘binphaca’ (l. 20). Deineadh normalú ar fhoirmeacha éagsúla den chopail, mar shampla: *as* > ‘is’ (l. 1); *badh* > ‘ba’ (l. 18); *nadh bhfearr* > ‘nárbh fhearr’ (l. 30). Scríobhadh *et* mar ‘gus’. Cuireadh isteach an uaschamóg nuair a bhí sí in easnamh, mar shampla, *dfúig* > ‘d’fhúig’ (l. 14). Cloíodh le foirmeacha na lámhscríbhinne i gcás ainmneacha dílse: athraíodh *heasair* > ‘Shéasair’ (l. 42), *chuinn* > ‘Choinn’ (l. 43), mar shampla.

Réamhfhocail shimplí

Mar seo a leanas a scríobhadh na réamhfhocail shimplí:

Scríobhadh ‘ag’ i gcás *aig*; *aige* roimh ainmfhocal.

Scríobhadh ‘ar’ i gcás *air* / *ar*.

Scríobhadh ‘do’ agus ‘don’ (leis an alt uatha) i gcás ‘*dó*’.

Scríobhadh *fé* agus *faoi*.

Scríobhadh ‘na’ i gcás *nadh* (l. 26)

Leanadh nósanna an lae inniu maidir le cúrsaí poncaíochta agus ceannlitreacha.

IS ATUIRSEACH, CÁSMHAR, RÓ-CHATHACH LE SPÁS ME

Eoghan Ua Súilleabháin cecinit ‘Humours of Glin’

- Is atuirseach, cásmhar, ró-chathach le spás me
gan binneacht im ráite ná tathac im ghlór,
le taitneamh do stáidbhruinneall gheanamhail, ghrámhair,
4 chaoin, charthanaigh, pháirtigh is banamhail snó.
Is ómrach, daite, tiugh, camarsach, búclach,
a dlaoidhólt ’na ndlathaibh ó bhaitheas go bróig;
a’ lúbadh ’s a’ slaodadh go dlúth drithleach péarlach,
8 cas, lonrach, bog, néamhach a’ feacadh ’na deoidh.
Tá aoibhneas is maorgacht ceartsuíte ’na héadan
tais, míonla, neamhscléipeach, caoin, flaitheamhail, óg,
is tá lí gheal le caoraibh ag coimheascar ’s a’ pléireacht
12 go fíochmhar ’na séimhleacain chneasta gan smól.
Is caoldeas a mala ’s a ramhar-rosc cumtha glas
d’fhúig mílte ar anamharc gan tapa ná treoir.
Is binn, blasta a béal tana a’ síorchasadh saorphort
16 mar shíchruit le méaraibh dá spreagadh chum ceoil.
- Is fíormhion a déid gheal, a píp mar an ngéise,
a hior is a scéimhchruth ba thaitneamhach óg
faoi aolbhartaibh daora gan fuíoll bheartas méithphuic
20 ag binnphaca ar saothar cois abhann ar neoin,

ARÉ 23 O 74 (1383) 1.

Ceannscríbhinn: Eogan Úa Suilliobháin cecinit Humours of Glin

1 As atuirseach casmhar ró cháthách lé spás mé 2 gan binneacht am rádhite ná táthac am ghlór 3 lé taitniamh dodh stáid bhruinnioll geanaidhmhail gradhmhair 4 carrthanaic phártaic is banadhmhail snódh 5 As ómrach daite tiugh camarsach buclach 6 dlaoidhólt nadh ndlathaibh ó bhathas godh 7 A lúbadh sa slaodo gó dlúth drullaidh pearlach 8 lúnraich bóg neumhach a feacadh nadh deoig 9 Ta aoibhneas is maordhacht ceart suíghthe nadh héadan 10 Táis míonladh neamh sgeipeach caoin flaitheamhail óg 11 a coimheasgar sa pleidhareacht 12 godh fíochmhar no séimh-léacain cnéasda gan smól 13 is cáoldeas amáladh sa ramhar-rósg cumtha glas 14 Dfúig mílte air anamharc gan tápó ná treoir 15 Is binn blásda a béal tanaidh asiorchása saór phórt 16 már shidh chrúit le méareámh dá spreagadh cum ceoil 17 As (fioghior) fíormhion adéid gheal apíp mar angéise 18 A hígior is asgémhchrúith badh tháith-niomhach óg 19 air aolbhartaibh daoradh gan fuíghíoll bheartas méithphuic 20 Aig bhinn phácadh air saothár cois abhann air neoin

éisc ar a gcaise, coin alla is trúipeanna
is féigeanna catha mar ar threasradh treoin,
míolta buí 's claontsionnaigh, faoileanna 's léithbhroic,
24 is príomhloingeas gléasta faoi bhratachaibh seoil.

Tá ar mhíntleasa a cléibhe dhá chíoch chruinne ghéara,
's is caoin cneasta a séimhchorp mar shneachta 'na lóg;
tá caoineas 'na bréithre, tá milseacht 'na téacsaihb,
28 tá suíteacht, tar bhéibh, 'na pearsain gan gó.
Is múinte tais cneasta gan bhladar an bhúchbhruinneall
nárbh fhearr Cúpid 'na sheasamh le hamhrac 'na cló,
'síorchaitheamh gaethaibh go díoltasach faobhrach
32 i gclíchrúit gach saorfhlaithe do dhearcas an ógh.

Suítear lem réaltan mar díoscadh na céadta
do phríomhscóth na Féinne le gaisce Mhic Threoin,
's a laoiach mear mar éalaigh ó fhíoraibh Bhinn Éadair
36 le díogras do spéirbhruinnill gheanamhail, óig;
éachtaí Chluain Tairbh is cathanna Múirtheimhne,
léirscrios ár bhflatha 'sé d'aibigh mo dheoir,
'tá i ndaorbhroid le sealad faoi dhaorsmacht ag gallaibh,
40 gan féasta, gan fearann, gan ceannas, gan scóip.

Is binn blasta léas aiste i gcruinnfhoirm éifeacht
a' suíomh gaisce Shéasair do threasradh treoin

21 Éisc *air* a ccaisé coinalladh *et* truípionaidh 22 Sa *faegenadh* catha mur *air* threasgarag treoin 23 *Miolltadh* buídh is claontsionnaic faoillionadh is léithbhroic 24 Is príomhloingios gléasda faoi *bhratachaibh* seoil 25 Ta *air* mhíntleas // dá chíoch cruinne ghéaradh 26 *Sus* caoin cneasta aséimhchorp mair shneacht nadh lóg 27 Tá caoinéas nadh breithre tá milseacht nadh téacsaihb 28 Ta suíteacht tar bheibh nadh pearsain gan gó 29 [scríofa ar chiumhais an leathanaigh] Ás múinte tais cneasta gan bhladhdum an bhúghách bhrúnnioll 30 Nadh bhfearr cúpid nadh sheasamh le hámhrac nadh clódh 31 Asíor chathamh gaóthaibh godh díoltáiseach faobhrúch 32 A cclídh chruith gách saorfhlaithe dodh dhearchus an óg 33 Saoimítear léam ráoltan (raolta) mar dísgíog nadh céada 34 Do phríomhsgóith nadh féinne lé gaisce mhic treoin 35 Sa laoiach mear mair éalaigh ó fíodharaibh binnéadhar 36 Lé díogras dodh spéirbhruinnill gheanadhmaigh óig 37 Éachtaidh chluain tarbh is cáthánadh muirbhthaibhnadh 38 Leirsgrios ár bhflatha // modh dhéoir 39 a ndaorbhruid lé // faoi dhaorsmacht aig gallaibh 40 Gan féasda gan fearn gan céannas gan sgóp 41 As binn blásda léighíos aiste a ccruinnfhoirm éifeacht 42 Asuíghíomh ghaisce heasair dodh threasgach treoin

- Mhíle 'gus Éibhir is Choinn do bhí tréimhse,
 44 fé aobhneas 'na Réics cheart i gCaiseal na sló.
 Le Hélen mar cailleadh i dtreasaibh na trúipeanna;
 Gréagaigh nár mheata anam um chaismearta gleo;
 chuir príomhchathair aosta na Traoi 'gus a laochra
 48 le díoltas mar léitear i staraibh na sóg.
 Tá saigheadnimh is daorchnead im chroí-se le tréimhse
 dom shíorghoin gan faosamh ná scaipeadh ar mo bhrón –
 le díogras do thréithibh na riogain do chéas mé
 52 'sí an bhríd mhiochair mhaorga do lagaigh mo threoir.
 'A spéirbhruinneall chneasta, scar feasta le daoirse me,
 is réitigh mo cheasna nó 's gairid gan gó
 go gcloifear mo thruaillchorp sa chill ar díth luaile
 56 is bí 'guí liomsa, a Uain Ghil, go Cathair na hÓighe.'

críoch

Fonn

Tá leagan den amhrán 'The Humours of Glynn' le fáil in Cpt. Francis O'Neill (ed.) *O'Neill's music of Ireland* (1903, 31). Tugtar 'Sugra na Gleanna' ar an amhrán sa saothar céanna.

Patrún na meadarachta

Meadaracht an amhráin atá ann. Áirítear go bhfuil línte 1–2, 3–4, 7–8 i ngach véarsa ina n-ochtfhoclach. Tá éagsúlacht le sonrú i bpatrún na meadarachta sa véarsa tosaigh agus sna véarsaí eile den amhrán seo. Is féidir gur chum Eoghan Rua an t-amhrán seo go luath ina shaol.

43 Mileadh is eibhir is chuinn dodh bhí treimhse 44 Fé aobhneas nadh Rix cheart a ccaisiol nadh slóg 45 Lé hélen mur cailleadh a dtreasaibh nadh trúipionna 46 Greagaicc nár mheáta ádamum cáisméarthá gleó 47 Chuir príomh chathair aoisde nadh traoidhe et á laocradh 48 Le dioltas mar léighthe a starthaibh no súadhag 49 Ta saoid-nimh is dáor-cnead am croídhe sí lé tréimhse 50 Dam shíor ghoin gan faosaomh nar sgáipé air modh bhrón 51 lé díogras dodh threithibh nadh riogain dodh céas mé 52 sí an bhríd mhiochair mháordhá dodh lágaic modh threoir 53 Aspeirbruinioll chnéasda sgar féasda lé daoirse mé 54 Is reighticc modh cheasnadh nó as gairid gan gó 55 Godh ccloidhfior modh thruaill chórp sa chill air díth luaillé 56 is bí a guídhe liúmsa a úaingil godh cathair nadh hágh

Iarscribhinn: críoch

Sid é patrún na meadarachta i véarsa a haon (ll 1–8), mar shampla:
ABABCDEF

A: ~ a ~ ~ á ~ ~ / ~ a ~ ~ á ~ /

B: ~ i/a ~ ~ á ~ ~ / a ~ ~ ó //

C: ~ ó ~ a ~ ~ a ~ ~ ú ~ /

D: ~ í ~ ~ a ~ ~ a ~ ~ ó /

E: ~ ú ~ ~ é ~ / ~ ú ~ ~ é ~ /

F: ~ ú ~ ~ é ~ / ~ a ~ ~ ó /

A: ~ a ~ ~ á ~ ~ / ~ a ~ ~ á ~ /

Is atuirseach, cásmhar, ró-chathach le spás me

B: ~ i ~ ~ á ~ ~ / a ~ ~ ó //

gan binneacht im ráite ná tathac im ghlór,

~ a ~ ~ á ~ ~ / ~ a ~ ~ á ~ /

le taitneamh do stáidbhruinneall gheanamhail, ghrámhair,

B: ~ a ~ ~ á ~ ~ / a ~ ~ ó //

chaoín, charthanaigh, pháirtigh is banamhail snó.

C: ~ ó ~ a ~ ~ a ~ ~ ú ~ /

Is ómrach, daite, tiugh, camarsach, búclach,

D: ~ í ~ ~ a ~ ~ a ~ ~ ó /

a dlaoifholt 'na ndlathaibh ó bhaitheas go bróig;

E: ~ ú ~ ~ é ~ / ~ ú ~ ~ é ~ /

a' lúbadh 's a' slaodadh go dlúth drithleach péarlach,

F: ~ ú ~ ~ é ~ / ~ a ~ ~ ó /

cas, lonrach, bog, néamhach a' feacadh 'na deoidh.

Sid é patrún na meadarachta sna véarsaí 2–7: ABABCDAB

A: ~ í ~ ~ é ~ / ~ í ~ ~ é ~ /; l. 39: ~ é ~ ~ a ~ ~ / ~ é ~ ~ a ~ ; l. 55: ~ í ~
~ ua ~ ~ í ~ ~ ua

B: ~ í ~ ~ é ~ ~ / a ~ ~ ó //; l. 40: ~ é ~ ~ a ~ ~ a ~ ~ ó //; ~ ~ í ~ ~ ~ ua ~
~ a ~ ~ ó l. 56:

C: ~ é ~ ~ a ~ ~ a ~ ~ ú ~ ~ / l. 29: ~ ú* ~ ~ a ~ ~ a ~ ~ ú ~ ~

D: ~ é ~ ~ a ~ ~ / ~ a ~ ~ ó; l. 14: ~ í* ~ ~ a ~ ~ / ~ a ~ ~ ó;

An foghar /i:/ sna focail *coimheascar* (11), *binn* (15; 41), *faoileanna* (23), *milseacht* (27), *Choinn* (43), *Traoi* (47), *chill* (55), sa chéad eilimint de na comhfhocail *aol(bhrataibh)* (19), *binn(phaca)* (20), *gcruinn(foirm)* (41) agus *saighead(nimh)* (49), agus sa dara heilimint den gcomhfhocail *ceartsúite* (9); foghar /e:/ san fhocal *faosamh* (50); foghar /o:/ san fhocal *deoidh* (8) agus ar an siolla deireanach i ngach cúpla líne; foghar /u:/ sna focail *lonrach* (8), *cumtha* (13), *Múirtheimhne* (37); foghar /a/ ar an siolla tosaigh sna focail *ramhar* (13), *abhann* (20), *hamhrac* (30); focal aonsiollach is ea *fuíoll* (19); focail tríshiollacha is ea *anamharc* (14), *threasgradh* (42).

Nótaí téacs

2 *gan binneacht im ráite ná tathac im ghlór*: tharlódh malartúchán idir na gutaí /i/, /o/, /u/ ó líne go chéile sna hamhráin.⁴ Shlánódh focal ar nós ‘aiteas’ patrún na meadarachta sa líne seo.

3 *stáidbhruinneall*:⁵ tagairt don bhean álainn. Ní heol dúinn aon tagairt eile ag Eoghan Rua do ‘stáidbhruinneall’ sna dánta a scríobh sé. Tagraíonn an file don ógbhean mar *bhúchbhruinneall*⁶ i l. 29 agus mar *spéirbhruinnill/spéirbhruinneall* sna ll 36, 53 den amhrán seo.

6 *a dlaoifholt ‘na nglathaibh*:⁷ foirm mhalartach den tabharthach iolra don fhocal ‘dlaoi’ is ea ‘dglathaibh’.⁸

7 *drithleach*: is cosúla ‘drullaidh’ na lámhscríbhinne le ‘druilleach’ leagan malartach den fhocal.⁹

8 *néamhach* = ‘niamhach’. Deimhníonn an patrún meadarachta go mbeadh an foghar /e:/ ar an gcéad siolla de ‘niamhach’ sa líne seo.

⁴ Féach Pádraig de Brún, Breandán Ó Buachalla agus Tomás Ó Concheanainn (eag.) *Nua-dhuanaire*. Cuid I (Baile Átha Cliath 2001 [1971]) ix; Tomás Ó Concheanainn (eag.) *Nua-dhuanaire*. Cuid III (Baile Átha Cliath 1981) ix; Liam P. Ó Murchú ‘Dearbhaithe ó Chontae an Chláir’ *Éigse* 17/2 (1977–8) 240–64 (241) fonóta 9.

⁵ Níl an comhfhocail *stáidbhruinneall* i bhfoclóir an Duinnínigh. Gheibhtear *stáid-bhean*, a mhínítear mar ‘a stately woman’ in *Dinneen*: 1118 s.v. *stáid*.

⁶ Bainneann Eoghan Rua feidhm as an gcomhfhocail *búchbhruinneall* agus é ag tagairt don bhean a thaibhsíonn dó sna haislingí seo a leanas ‘Ag taisteal na sléibhte dom’, l. 13, ‘I gCaoldoire’, l. 6, ‘I sleasaibh na habhann’, l. 26, ‘Sealad dom shaogal’, l. 25. Féach Máire Ní Íceadha, ‘Aislingí Polaitiúla Eoghain Rua Uí Shúilleabháin’. Tráchtas le haghaidh na céime PhD (Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Lúnasa 2012). Is móitíf choitianta san aisling ghrá agus san aisling fháithchiallach í teacht na símhna chuig an bhfile.

⁷ Féach *dlad-fholt* ag DIL D: 157.33–4 s.v. *dlaí, dluí*.

⁸ Féach an malartú guta fada/guta gearr ón uimhir uatha go dtí an uimhir iolra in Diarmuid Ó Sé, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* (Baile Átha Cliath 2000) 128, nóta 271.

⁹ Féach s.v. *drithleach* ag *Dinneen*: 366.

Baineann an file úsáid as an fhoirm chéanna den fhocal sna hamhráin ‘Ag taisteal na sléibhte’, l. 18: *bachallach néamhach ina dtaclaíbh*; ‘Cois abhann inné’, l. 10: *bachallach néamhach dualach*; ‘Im leabain aréir’, l. 7: *a carnfholt néamhach péarlach camarsach*.¹⁰

10 *tais, mionla, neamhscléipeach, caoin, flaitheamhail, óg*: níl aon sampla eile againn d’fhoirm na lámhscríbhinne ‘(neamh) sceipeach’. Baineann Eoghan Rua úsáid as ‘scléipeach’ sna hamhráin seo a leanas dá chuid: ‘Sin agaibh mo theastas’, l. 39: *Ná briseann fá scige go scigeamhail scléipeach*;¹¹ ‘Do caitheadh liom saoghad’, l. 46: ‘*S is dathamhail scléipeach maise ’gus aer*’;¹² ‘Is fíor tríom aisling’, l. 164: *A haiteas ’s a gean tré shearc go scléipeach*.¹³

14 *anamharc* = ‘an-amharc’ a chiallaíonn ‘gan radharc’.

19 *faoi aolbhartaibh daora gan fuíoll bheartas méithphuic* de ghnáth gabhann an réamhfhocal ‘ar’ leis an duine a chaitheann an t-éadach – ‘aolbhartaibh ar a scéimhchruth’ – ach sa líne seo cuireann an file an ‘scéimhchruth’ ar na haolbhartaibh. B’fhearr a d’oirfeadh an réamhfhocal ‘faoi’ /’fē’¹⁴ anseo ná ‘ar’.¹⁵

19–20 *ar aolbhartaibh daora gan fuíoll bheartas méithphuic // a’ binnphaca, ar saothar, cois abhann ar neoin*: tugann Eoghan Rua miontuairisc anseo ar cheann de chleachtaí na mná uaisle a chuireann go mór leis an gcur síos atá á dhéanamh aige ar bhean idéalach san amhrán seo.

20 *ar neoin* = ‘iar nóin’.

21 *éisc ar a gcaise, coin alla is trúipeanna*: cailltear an fuinneamh agus an bheocht atá le brath san éachtaint a thugtar dúinn anseo ar shaol na tuaithe san aistriúchán a deineadh ar an líne san eagrán seo, b’fhéidir: ‘Fish in their stream, wild hounds and troops (of birds)’. Úsáidtear an focal *trúipeanna* i l. 45 den amhrán, chomh maith, áit a ndéanann an file tagairt do na laochra a cailleadh i gCogadh na Trae: *Le Hélen mar cailleadh i dtreasaibh na dtrúipeanna*.

¹⁰ Féach Máire Ní Íceadha, ‘Aislingí Polaitiúla Eoghain Rua Uí Shúilleabháin’.

¹¹ Pádraig Ua Duinnín (eag.), *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin*. Iml 1 (Baile Átha Cliath 1923) 138.

¹² *ibid.* 172.

¹³ *ibid.* 151.

¹⁴ Féach *faoi bhartaibh* (l. 24), *fé aoibhneas* (l. 44) níos faide anonn san amhrán.

¹⁵ Táim buíoch de Liam P. Ó Murchú a léigh dréacht den eagrán seo den amhrán ‘Is atuirseach cásmhar ró-chathach le spás me’ agus a dhein an pointe seo liom.

22 *féigeanna catha*: mar ‘battle summits’ a aistrítear *féigeanna catha* anseo. Féach s.v. *féice* ag *DIL F*: 63.73–4, áit a dtugtar an líne ‘féige orchradhach gach áir (of a hill, scene of a battle) TD 4.34’.

23 *léithbhroic*: comhfhuaim idir *léithbhroic*, *méithphuic* (l. 19) agus *téacsaihb* (l. 27).

24 *is príomhloingeas gléasta faoi bhratachaibh seoil*: comhartha dúinn go raibh cur amach éigin ag an bhfile ar chúrsaí loinge. Féach, chomh maith, na haislingí ‘Ar maidin inné cois cé na slimbharc’, ll 17–19: *A leabharchrobb réidh is néata scríobhadh // lachain is naosca, éisc ar míntsruth, // barcaibh na dtéad i gcathaibh na bpiléar. . .* agus ‘I Sacsaihb na séad’, ll 2, 70: *faoi bharra na gcráobh cois cé na stiúr-bharc; i mbarcaibh na bpiléar ar cúrmhuir*.¹⁶

26 *mar shneachta ’na lóg*: foirm mhalartach den fhocal ‘lubbóg’ is ea *lóg* sa líne seo.¹⁷

27 *’na bréithre* = ‘ina briathra’.

31 *gaethaibh*: foirm an tabharthaigh iolra den bhfocal ‘ga’ ag feidhmiú mar ghinideach iolra anseo. Scríobhadh *gaóthaibh* atá sa lámhscríbhinn bhunaídh mar *gaethaibh* sa líne seo ar an mbonn go dteastaíonn /e:/ chun comhfhuaim a dhéanamh leis na focail *cléibhe* (l. 25), *bréithre* (l. 27).

32 *i gclíchruit gach saorfhlaithe do dhearcas an ógh*: féach an fhoirm stairiúil lastuas (*scéimh*)*chruth* (l. 18). Is ciallmhaire go n-úsáidtear an choincheap den ‘ógh’ (= ‘maighdean’) seachas an aidiacht ‘óg’ atá sa lámhscríbhinn i gcomhthéacs na líne seo.

33–4 *Suitear lem réaltan mar díoscadh na céadta // do phríomhscoth na Féinne le gaisce Mhic Threoin*: eachtraíonn an spéirbhean dó faoi mar a mharaigh arm Thailc mhic Treoin na céadta den bhFiann ag Cath Chnoc an Áir.

35–6 *’s a laoi ch mear mar éalaigh ó fhíoraibh Bhinn Éadair // le díogras do spéirbhruinnill gheanamhail, óig*: tagairt do Fhionn mac Cumhaill agus do Thaise Taoibhgheal.¹⁸ Deintear tagairt don scéal céanna san aisling ‘Ceo draíochta’ a chum an file sna ll 39–40: “[. . .] nó an ríogan do dhlighidh ar an mórfhlaithe // ón mBinn dul dá tóraíocht i gcéin?”

¹⁶ Féach Máire Ní Íceadha, ‘Aislingí Polaitiúla Eoghain Rua Uí Shúilleabháin’.

¹⁷ Féach *Dinneen*: 683 s.v. *lubbóg*; *Ó Dónaill*: 795 s.v. *lóg*³

¹⁸ Gheibhtear eagrán den scéal maidir le Taise Taoibhgheal agus Tailc mac Treoin in Máire Ní Mhuirgheasa (eag.), *Imtheacht an dá nónbhar agus Tóraigheacht Taise Taoibhgheale* (Baile Átha Cliath 1954).

37 *éachtaí Chluain Tairbh is cathanna Múirtheimhne*:¹⁹ briseadh ar na Lochlannaigh i gCath Cluana Tarbh sa bhliain 1014. Maraíodh Brian Bóirmhe, ardrí Éireann sa chath.²⁰ Deintear mórán tráchteaireachta ar chathanna Mhúirtheimhne in *Brisleach Mhaighe Mhúirtheimhne*, in *Deargruathar Chonaill Chearnaigh* agus in *Táin Bó Cuailnge*.²¹

42 . . . *do threascradh treoin*: leasaíodh foirm na lámhscríbhíne ‘do threasach treoin’.

42–4 *ag suíomh gaisce Shéasair do threascradh treoin // Mhíle is Éibhir is Choimn do bhí tréimhse // fé aoibhneas ’na Réics cheart i gCaiseal na sló*: is go cruthaitheach a nascann Eoghan Rua éachtaí an ghinearáil Rómhánaigh Séasar le gníomhartha gaisciúla sinsear agus ríthe ársa na nGael.²² Dearbhaíonn an file go bhfuil ceannas na tíre ag teacht don Stíobhartach ó ríthe na tíre anallód sna línte seo. Athraíodh ‘Rix’, leagan na lámhscríbhíne, go dtí ‘Réics’ ón uair go n-éilíonn an patrún meadarachta go mbeidh an foghar /e:/ ar an dara siolla sa líne seo.

44 *i gCaiseal na sló*: ‘slóg’ atá sa lámhscríbhínn. Tharlódh nach ‘gh’ (cuimilteach, coguasach, guthach) a bhí i gceist ag an bhfile nó ag an scríobhaí.

48 *i staraibh na sóg* pléitear leis an bhfocal ‘suadh’, foirm an ghinidigh iolra de ‘saoi’, mar fhocal aonsiollach a bhfuil an foghar /o:/ air ag deireadh na líne seo faoi mar a theastaíonn ón mheadarach.

50 *dom shíorghoin gan faosamh ná scaipeadh ar mo bhrón*: tá an fhoirm *faeiseamh* coitianta i nGaeilge Mhúscraí. Féach Brian Ó Cuív, *The Irish of West Muskerry* (Dublin 1975 [1944]) 16, nóta 63; 98, nóta 282.

52 *’sí an bhríd mhiochair mhaorga do lagaigh mo threoir*: tá an focal *bríd* mínithe mar ‘maiden’ in *Ó Dónaill*.²³ Úsáideann Eoghan Rua an focal *brídeach*²⁴ dhá uair san aisling ‘Ceo draíochta’ agus é ag déanamh

¹⁹ Féach, mar shampla, Seosamh Laoide (eag.) *Brisleach mhór mhaighe Muirtheimhne: Sgéal Rughraigheachta* (Baile Átha Cliath 1915). ‘Aidheadh Conculaimn’ in Patrick O’Neill (eag.), *Mil na mbeach* (Baile Átha Cliath 1911) 48–56; Seosamh Laoide (eag.), *Dearg-Ruathar Chonaill Chearnaigh: sgéal Rudhraigheachta* (Baile Átha Cliath 1907).

²⁰ Féach Méidhbhín Ní Úrdail (eag.), *Cath Cluana Tarbh: ‘The Battle of Clontarf’*, ITS Vol. LXIV (London 2011).

²¹ *Táin Bó Cuailnge from the Book of Leinster* (1967) le fáil ag: www.ucc.ie/celt/published/G301035.html.

²² Féach ‘I gCaoldoire’, II 61–2, áit a ndeir Eoghan Rua: ‘S an Céasar dil Séarlas mac Shéamais mo dhíth, // chuir daorscar an éithigh le claonsmacht gan ríocht.

²³ Ó Dónaill: 140, s.v. *bríd*.

²⁴ Tugann an Duinnéach ‘a bride, a maiden’ mar bhríonna don fhocal *brídeach* *Dinneen*: 123, s.v. *brídeach*.

tagartha don spéirbhean. I l. 33 deir sé: *A bhrídeach na rinnros do bhreoi gh me*²⁵ agus i l. 45 san aisling chéanna, cuireann sé na focail seo a leanas i mbéal na spéirmhná: *is me an bhrídeach do bhí sealad pósta*.²⁶ Tagraíonn an file do Helen na Traoi mar bhrídeach san aisling ‘Mo léan le lua’, l. 61: *nó an bhrídeach Hélen d’aistrigh . . .*²⁷

53–5 *A spéirbhruinneall chneasta . . . go gcloífear mo thruaillchorp sa chill ar dith luaile*: tá an file gafa i ngéibheann le teann a ghrá don ógbhean. Is cosúil go bhfuil sé ar tí bás a fháil le hualach a ghrá di agus nach mairfidh sé ina héagmais.

56 *is bí ’guí liomsa, a Uain Ghil, go Cathair na hÓighe*: achainí an fhile ar an spéirbhean grá a thabhairt dó atá anseo, ní foláir. Nochtar dúinn anseo iarracht den íoróin a bhaineann le véarsaí Eoghain Rua, ar uairibh.²⁸

NODA

- ARÉ Acadamh Ríoga na hÉireann
 DIL *Dictionary of the Irish Language* (Dublin: Royal Irish Academy: 1913–76)
 Dinneen Rev. Patrick S. Dinneen (ed.) *Foclóir Gaedhilge agus Béarla: An Irish-English Dictionary* (London: Irish Texts Society 1996 [1927])
 Ó Dónaill Niall Ó Dónaill (eag.) *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair 1998 [1977])

INNÉACS DAOINE AGUS ÁITEANNA

- Binn Éadair*, Beann Éadair, Co. Bhaile Átha Cliath; *ón mBinn*, l. 40; *’s a laoch mear mar éalaigh ó shíoraibh Bhinn Éadair*, l. 35
Caiseal, príomháitreabh rithe Mumhan i gCo. Thiobraid Árann; *i gCaiseal na sló* l. 44
Cluain Tairbh, maraíodh Brian Bóirmhe agus briseadh ar na Lochlannaigh i gCath Cluana Tarbh, gairid do Bhaile Átha Cliath. sa bhliain 1014; *éachtaí Chluain Tairbh*, l. 37
Conn, Conn Chéadchathach, rí Éireann; *is (treoin) Choinn*, l. 43

²⁵ Breandán Ó Conchúir (eag.), *Eoghan Rua Ó Súilleabháin* (Baile Átha Cliath 2009) 45.

²⁶ *ibid.*

²⁷ *ibid.* 60.

²⁸ Is gnách don fhile san aisling pholaitiúil achainíocha a dhéanamh ar Chríost, ar Mhuire agus ar na naoimh maidir le fíoradh na tairngreachta agus cabhair a sheoladh chuig na Gaeil. Sid é a deir Breandán Ó Buachalla ina dtaobh: ‘Is le toil Dé a thabharfaí an tairngrecht isteach; ba ghá is ba riachtanach A chabhairsean freisin, murach í, ní bheadh slánú ar fáil.’ Féach Breandán Ó Buachalla, *Aisling Ghéar: na Stíobhartaigh agus an t-aos léinn 1603–1788* (Baile Átha Cliath 1996) 576.

- Cúipid*, dia an ghrá i seanscéalta na Rómhánach; *Cúpid*, l. 30
Éibhear, Éibhear Fionn mac Míle Easpáinne a bhí i gceannas ar dheisceart na tíre tráth; (*treoin*) *Éibhir*, l. 43
Féinn, an Fhéinn; *do phríomhscóth na Féinne*, l. 34
Fionn, Fionn mac Cumhaill, ceannaire na bhFiann; *'s a laoich mear mar éalaigh ó fhioraibh Bhinn Éadair* l. 35
Gall, eachtrannach, Sasanach; *ag Gallaibh*, l. 39
Gréagaigh, muintir na Gréige; saighdiúirí na Gréige, l. 46
Hélen, bean chéile le Menelaus, rí Sparta, an bhean álainn a tharraing cogadh ar chathair na Trae, *Le Hélen*, l. 45
Íosa, Íosa Críost, mac Dé; *a Uain Ghil*, l. 56
Mac Treoin, féach *Tailc*
Míle, Míle Easpáinne, sinsear na nGael; (*treoin*) *Mhíle*, l. 43
Múirtheimhne, (Mag) Muirtheimhne, láthair chatha i gCo. Lú, *cathanna Múirtheimhne*, l. 37
Ógh, an Mhaighdean Mhuire; *i gclíchruít gach saorfhlaithe do dhearcas an ógh*, l. 32; *go Cathair na hÓighe*, l. 56
Séasar, Séasar, taoiseach agus ginearál Rómhánach (100–44 BC); *a' sníomh gaisce Shéasair*, l. 42
Tailc, mac Treoin, fear a raibh ceann cait air. Lean sé a bhean Niamh Nuachruthach go hÉirinn agus throid sé i gcoinne laochra na Féinne i gCath Chnoc an Áir, áit ar maraíodh é, *le gaisce Mhic Threoin*, l. 34
Taise Taoibhgheal, iníon Rí Tíre na nÍongnadh, bean chéile ag Cuileann Cruadharmach, Rí Inse Tíle; *spéirbhruinnill gheanamhail óig*, l. 36
Trae, an; *príomhchathair aosta na Traoi*, l. 47
Uan Geal, féach *Íosa*

AISTRÍÚCHÁN AR AN AMHRÁN

‘IS ATUIRSEACH, CÁSMHAR, RÓ-CHATHACH LE SPÁS ME’

- It is weary, pitiable, lamenting I am for a while
 without eloquence in my words or strength in my voice,
 with affection for a lovely, respectable, stately maiden,
 4 tender, charitable, kind and lady-like in appearance.
 Amber, bright, thick, curly, ringleted
 is the hair of her head in tresses from her crown to her shoe;
 twisting and flowing thickly, bright, pearly,
 8 twisted, luminous, soft, lustrous, bending behind her.

There is delight and dignity properly sited in her face,
 soft, mild, modest, tender, generous, young,
 and her white complexion is contesting and playing with the
 red of the berries

- 12 fiercely in her smooth, becoming, faultless cheeks.
 Narrow, pretty are her brows and her blue well-carved,
 languid eye
 which left thousands without sight, without vigour or
 strength.
 Sweet, tasteful is her slender mouth constantly singing noble
 tunes
- 16 as a fairy harp played with fingers inspiring them to make
 music.

- Truly fine are her bright teeth; her throat like the swan;
 her figure and her beautiful shape most pleasant, young
 were clothed in lime-white expensive well-tailored garments
 that display (in embroidery) plump deer
 being made pant by a barking pack of hounds by the riverside
 in the afternoon,
 fish in their stream, wild hounds and troops (of birds)
 and battle summits where the mighty were overthrown,
 hares and sly foxes, seagulls and grey badgers
- 24 and a prime fleet equipped with sails attached to the mast.

- There are two pointed breasts on the smooth slopes of her
 chest,
 and tender and seemly is her fine body as snow in its flakes;
 there is tenderness in her words and sweetness in her text
- 28 there is steadiness, without a lie, above all women, in her
 person.
 Well-mannered, soft, sincere, without flattery is the kind
 maiden
 and to look at her is as bad as Cupid
 perpetually throwing darts vengefully, angrily
- 32 in the chest of every noble prince who saw the virgin.

- It is established by the young woman, how hundreds
 of the principal branch of the Fianna were run dry by the
 prowess (in arms) of the son of Tréan,
 and her swift hero who departed from the peaks of Howth
 Head
- 36 with fervent love for the beautiful, loving, young woman;
 the slaughter of Clontarf and the battles of Muirthemne,
 the total destruction of our chiefs, which brought on my tears,

who are in dire bondage for a while under the severe control
of the foreigners,
40 without a feast, without land, without leadership, without
high spirits.

Eloquently, fluently she reads a composition in correct form
to good effect
situating the feats of Caesar who laid low the mighty
(and the feats) of Milesius, of Éibhear and of Conn who were
for a period,
44 joyful as the rightful kings in Cashel of the hosts,
as the troops were lost in battle with Helen;
Greeks, who did not decline in spirit in the conflicts of battle;
who buried the principal ancient city of Troy and her heroes
48 to exact revenge, as is read in the stories of the learned.

There is keen pain and a severe wound in my heart for some
time
continuously hurting me without respite and without
dispersion of my sorrow
with fervent love for the qualities of the fair princess who
tormented me;
52 she is the tender, stately maiden who has weakened my
strength.
'O beautiful, honest maiden, henceforth liberate me from
captivity
and heal my wounds or it is soon, without a lie,
that my body will be cast down lifeless in the grave
56 and pray with me, o bright lamb, to the city of the virgin.'

MÁIRE NÍ ÍCEADHA

Coláiste Phádraig, Durlas